C/2025/2291

11.4.2025

Fógra atá le tabhairt ar aird daoine áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2024/1484/CBES ón gComhairle agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis

(C/2025/2291)

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird Kirill Sergeevich NIKIFOROV (n.11) agus Oksana Vasilyevna DEMYASHEVA (n.18), daoine atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2024/1484/CBES ón gComhairle agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle na bearta sriantacha a choinneáil ar bun i gcoinne na ndaoine thuasluaite.

Cuirtear in iúl do na daoine sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun go bhfaighidh siad an ráiteas beartaithe ar chúiseanna maidir lena n-ainmniú a choimeád, faoin **18 Aibreán 2025**, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu